IORRAS

Tá scéala ag an Cumann Forbairte, Béal an Ṁuirṫid, go bḟuil an tAire Rialtas Áitiúil ag tabairt deontaisí suas go dtí £100 do lainéirí nó coistí forbarta, fá ċoinne déanaṁ ar ṡiúl le sean ḃallógaí agus suioṁ a réiteaċ agus feaḃas a ċur ar ċuma áite. Tátar a' súil go réiteófar áiteaċa mar seo i mBéal an Ṁuirtid anois.

Ḃí an taispeántas caoraċ, ag luċt tógála caoraċ in Iorras, i mBeannċor Iorrais Dé Ceadaoine na seaċtaine seo, an 13ú lá. Ḃí roinnt ṁaiṫ iarrataisí istiġ fána ċoinne, ó gaċ áit sa ċondae, agus coiméadaċ trialaċa do madaí caoraċ, ċoṁ maiṫ. Ḃí slua maiṫ i láṫair.

Coṁġáirdeas le Áine Ní Ṁáirtín. as Cleagán, Cnoc Mór, atá ceapaiṫe mar ṁúinteoir in scoil náisiúnta Dubloċ, Gaoṫ Sáile, ⁊ le U. Nic Suiḃne, O.S., Gaoṫ Sáile, atá ceapaiṫe mar Príoṁ-Oide in ionad Bean P. Ṡiorradáin a d'éiriġ as ar na moilliċ.

Coṁġáirdeas le Seán Bairéad, mac le Míċeál Bairéad agus a ḃean. Gaoṫ Sáile, a fuair glaoċ go dtí Coláiste Naoṁ Pádraig, Dromconnraċ, Baile Áṫa Cliaṫ. Ḃí sé ar meánscoil i gColáiste Muire, Gaillim, agus is deartár é do M. Ní Ḃairéad, O.S.

Tá na ranganna oíċe ar siúl i nGairmscoil Gaoṫ Sáile ón tseaċtain seo caite, faoi Tomás Ó Cuilinn. múinteoir adṁadóireaċt, agus tá freastal an ṁaiṫ orṫa.

Táṫar ag cur cumann leadóg faiṫċe agus cumann leadóg cleite ar bun, i mBéal an Ṁuirtid arís. Ḃí cruinniú geineárlta in halla na bḞear Óg, oíċe Ċeadaoine na seaċtaine seo, fá ċoinne an leadóg faiṫċe, agus tá seaċtaine ó ṡin, toġaḋ don leadóg cleite; Uaċtarán, An t-Ard Deacon ÓFinneaḋa, S.P., Béal an Ṁuirtid; Leas-Uaċtarán, P. S. Labelle, Sráid Liam; Caṫaoirleaċ, M. Ó Caoḃánaiġ; Leas-Ċaṫaoirleaċ, Séamus Rutherford; Rúnaí, F. Ní Ṫoċair; Leas Rúnaí, E. Cuffe. Ċuaiġ foireann ón ċumann go dtí cluiċe leaṫċeannais Ċonnaċt anuraiḋ, an áit ar ḃuaiġ Sligeaċ orṫa.

Táṫar ag leaṫnú an córas uisce agus séaraċais amaċ ó Béal an Ṁuirtid go dtí Bóṫar na Trá, Bóṫar an tSéipéil agus Bóṫar Béal Áṫa an Ḟeaḋa. Tá an ċéad tuairisc fáiġte ón innealtóir faoi an droiċead nua ag Béal an Ṁuirtid.

Ċuir Coiste Forbarṫa Béal an Ṁuirtid rún buíoċas i bḟeiḋm leis an Ard-Deacon Ó Finneaḋa, S.P., agus an tAṫair Ó Maoilċiaráin, S.C., as an ċaint a rinne siad le Roinn na Gaeltaċta fá ċoinne an tionscail cniotála a ċoiméad insan ḃaile, agus freisin fá ċoinne an cás a rinne siad go mbeaḋ brainnse den tionscal Bréagán bunaiṫe insan am atá le teaċt. Aċ, an bḟuil Béal an Ṁuirtid féin sa Ġaeltaċt go fíor, nó an labartar an Ġaeilge go coitianta ar fud an ḃaile? Sin ceist ar ċeart don ċoiste forbarṫa freagra a ṫabairt air, nó an ċeist a ċur orṫa féin go h-ionraice. An measann an t-Ard Deacon Ó Finneaḋa agus an tAṫ. Ó Maoilċiaráin. go bḟuil Béal an Ṁuirtid insan Ġaeltaċt, agus má tá, an mbíonn an tAifreann gaċ Domnaċ agus na seanmóintí agus eile, i nGaeilge? Ní féidir leat é ḃeiṫ ina ġruṫ agus ina ṁeiḋg agat.

Ḃí an ċéad ċomórtas slat-iascaireaċta farraige oscailte ag Cumann Béal an Ṁuirtid, ar an Doṁnaċ, an 3ú lá de Ḋeireaḋ Fóṁair. Seo an ceann a cuireaḋ siar ón 5ú lá de Ṁeán-Ḟóṁair toisc an aimsir a ḃeiṫ garḃ. Cuireaḋ siar fé ḋó é. D'éiriġ leis go maiṫ Dé Doṁnaiġ, le coiṁlinteoirí ó Inis Eascraċ Aḃann, Caṫair na Mart, Béal Áṫa an Ḟeaḋa, Acaill agus Béal an Ṁuirtid. Cé naċ raiḃ sé ró ṁaiṫ ar maidin, agus droċ ṫuar aimsire ann, d'éiriġ sé níos fearr taréis meán-lae agus ċuaiġ na bádaí amaċ ar a h-aon a ċlog. Tógaḋ roinnt ṁaiṫ éisc. Ḃí 26 slat-iascairí páirteaċ, agus tógadar 975 punt éisc, ar a raiḃ tope, spurdog, trosc, ling, polloc, bréim agus gurnet. Ḃí seo fíor ṁaiṫ ag cruinniú naċ raiḃ siad aċ 2 uair go leiṫ ar an ḟarraige, ag cuntas an am a raiḃ na bádaí ag stiúraḋ. Caṫair na Mart a ḃuaiġ an duais don ḟoireann ab' ḟearr, le 245 pt. Ċuaiġ an duais don iasc ba troime do M. Ó Doṁnaill, Caṫair na Mart, le tope, 33 pt., agus M. Mac Ruaiḋrí, Béal an Ṁuirṫid, sa dara h-áit, le tope 31 pt. Bronnaḋ na duaiseanna ag daṁsa na hiascairí in halla Eaċléim oíċe Ḋoṁnaiġ. An tAṫair Ó Mórḋa, Caṫaoirleaċ Cumann Slat-Iascaireaċta Ḃéal an Ṁuirtid, a ḃronn iad. Ṫug sé buíoċas do gaċ duine a ċaḃraiġ leis an comórtas a ḋéanaṁ ċoṁ speisiúil, agus go h-áiṫrid do na bádóirí.

Tá an tAṫair Míċeál Mac Conḃuí. Inis Eascraċ Aḃann, ceapaiṫe mar Sagart Cúnta i bparáiste Baile Cruaiḋe. h-Ordnioḋ i gColáiste Naoṁ Pádraig Má Nuaḋat, é, taréis dó a ṁeán-oideaċais ḟáil i gColáiste Naoṁ Muiríḋe, Béal Áṫa an Ḟeaḋa.

Gleann Ḟinne

SCÉAL AISTIḊEAĊ NA DTUILLTE

Ba ḃoċt an rud a ḃí le feiceáil i halla Butt oíċe Ċeadaoine, nuair a ḃí cailíní ina gcuid gúnaí rinnce, ag siúl fríd an uisce, go dtí na guailneaċa, ag iarraiḋ fáil amaċ as an halla.

Aċ, i ndáiríriḃ ḃí slua maiṫ istiġ insan halla go dtí a 9 a' ċlog ar maidin, sular tugaḋ iad uiliġ amaċ. Ḃí na caranna a ḃí páirceáilte ar na sráideanna ṫart fá'n áit, faoi uisce go hiomlán, go dtí maidin lá arna ṁáraċ. Ní raiḃ ariaṁ a leiṫéid le tuille le cuiṁne na ndaoine.

Ḃí na mílte de Ġleann na Finne faoi uisce oíċe Diardaoin. Ḃí trí troiġe uisce i dTeaċ an Pobail i Sraiṫ an Urláir, aċ ḃí an ċuid ba ṁeasa dó ar ṡiúl roiṁ na hAifrinn maidin Diardaoin.

Deirtear gur ċaill Pádraic Ó Murċú 300 muca ar an ḟeirm atá aige taoḃ amuiġ den ḃaile. Ḃí Briogáid Toiteán Leitir Ceanainn a' dul a múċaḋ tine, aċ stad siad i mBealaċ Féiċ agus ċaiṫ siad an oíċe ag iarraiḋ tárṫáil a ṫabairt ar ḋaoine.

Ṫáiniġ na tuillte an ċéad uair in éadan doirse an halla Butt, agus ṗleasg siad na doirse isteaċ.

Ḃí scoil náisiúnta Sraiṫ an Urlár druite ḋá lá.

GAOṪ DOḂAIR

Ḃí léan ar an rud a ḃí le feiceáil anseo tráṫnóna Dé Ceadaoine agus maidin Diardaoin seo caite. Cárn an t-uisce anuas ó Sliaḃ Sneaċta agus Loċ Dearra níos gaiste ná ċonactas sa ġleann seo ariaṁ. Ḃí an dá aḃainn, an aḃainn mór agus an aḃann ḃeag ag cur ṫar maoil, ⁊ nuair a ḃuail siad le ċéile taoḃ ṫuas den Dúċarraiġ spréiġ an t-uisce amaċ ar aċan taoḃ agus ṫáiniġ sé aníos ar ṡráid na Duḃċarraiġ, agus ní ḟeicfeá aċ uisce, fad do aṁarc uait, síos go dtí an taoḃ ṫiar de Ṫeaċ an Ṗobail agus ó sin amaċ go dtí bealaċ mór an líne úr, agus suas go bealaċ Litreaċ. Ní faċtas tuille coṁ h-árd leis le cuiṁne na ndaoine. Ċuaiġ sé isteaċ ar urláir íoċtar cuid ṁaiṫ de na tiṫe ar an ísleaċt, agus ḃí ḋá troiġ uisce i gcuid acu. Ṁaolaiġ an t-uisce gasta go maiṫ, agus maidin Diardaoin ḃí sé síos go maiṫ.

Ḃí fearṫain ṫrom buan, ó go lua maidin Dé Ceadaoine agus ṫosaiġ na tuillteaċa ag éirí an tráṫnóna sin.

Ḃí droċ ḟóṁair ann san taoċtíre seo, agus olc agus mar ḃí sé tá sy níos measa leis an droċ aimsir. Ní bḟuartas a ḃáṫ ar biṫ sáḃáilte i gceart. Tá eagla ar ḋaoine go loḟaiḋ na préataí ar an ísleaċt. Táṫar i gceann oibre ḋá mbaint níos luaiṫe i mbliana, siocair an fliuċras seo. Ní bḟuartas mórán aimsir do ċoirce ná féar, aċ is beag do ċoirce atá curṫa na blianta deireanaċa seo i bḟoras mar ḃíoḋ tá ḋá scór bliain ó ṡin. Níltear ag tabairt oiread aire don ḟéar aċ oiread, nó ní fiú an méid ama a cuirtear amú leis—'deirtear.

CORCA DUIḂNE

Ar ṁolaḋ ó Míċeál Ó Beaglaoiċ, Co.C., socraiġ Coṁairle Condae Ciarraí go mbeaḋ an solas ar ċéiḃ Baile na nGall go dtí 4 a.m. ar maidin mar ais do na hiascairí.

Ḃí praġasanna an áird do na gliomaiġ i mbliana agus táid na hiascairí ana ṡásta le toraḋ a gcuid saoṫair ar fea an tséasúir. An tseaċtain seo caite ḃí na gliomaiġ 10s. an punt.

Cúis bróin sa Daingean agus mór ṫimpeall gur éag Conċúr Ó Briain. Ċuaiġ socraid mór leis go Roilig Eaglais.

I gcraoḃ ċluiċe mionúr Corca Duiḃne ḃí Na Piarsaiġ agus Caisleán Griaire coṫrom i bPáirc an Áġasaiġ, Daingean Dia Doṁnaiġ le scór 2-4 i gcoinniḃ 1-7.

Ṫug an Long Ollóineaċ 'Afenia' lasta 500 tonna slag isteaċ go Port an Daingin an triú lasta do Uaċtarlainn an Daingin le ḋá ṁí.

CÉILÍ

Ḃí slua an-ṁór i láṫair ag an gcéilí ar an gCeaṫrú Rua Oíċe Doṁnaiġ. Banna ċeoil Ṁuinntir Mulhaire a ṫug an ceol agus ḃí gaċ duine sásta den oíċe.

GAEILGE SA ĠALLTAĊT, BÉARLA SA ĠAELTAĊT !

Tá C.I.É. a' ḃraṫ ainmneaċa na mbailte agus na n-áiteaċa fríd Ḃaile Áṫa Cliaṫ, a ċur suas ar na 'busanna as Gaeilge aṁáin. Déanta na fírinne, tá cliú na Gaeilge ar C.I.É. i mBaile Áṫa Cliaṫ. Naċ iontaċ mar sin, gur cliú an Ḃéarla atá acu fríd an Ġaeltaċt, agus gur ainmneaċa Béarla atá ar aċan graiṫe atá ar siúl le pobal na Gaeltaċta, ⁊ fiú aṁáin ainmneaċa ceart dúċasaċ na Gaeltaċta, go gcaiṫfeá iad a ḃeiṫ i mBéarla ag C.I.E.

Is dóiliġ a leiṫéid seo a ṫuigḃeáil, agus ní ag C.I.É. aṁáin atá sé, aċ ag cuid mór, mór dreamanna eile, agus daoine atá in ainm a ḃeiṫ ag cuidiú sa Ġaeltaċt. Is dóiliġ a ṫuigḃeáil.

Aċ, olc agus mar tá C.I.É. ní dadaí iad le taoḃ an dream is measa atá ag cur Béarla ċun cinn, agus ag scaipeaḋ Béarla fríd an Ġaeltaċt mar atá Bord Soláṫar an Leictreaċais. Níl léaṁ ná scríoḃaḋ ar an niṁ, atá acusan don Ġaeilge, agus idir fógraí agus litríoċt agus eile, agus a gcuid billí féin, le pobal na fíor-Ġaeltaċta, ní siad iomlán a gcuid graiṫe as Béarla. Táṫar ag ceistniú in áiteaċa an ngéilleann siad ar ċor ar biṫ do Bunreaċt na hÉireann, nó do údarás agus polasaí Dáil Éireann, a ċfuil siad ag obair faoi na údarás.

CARNA

Táṫar ag ullṁú ċeana féin do ċúrsaí Coláiste Naoṁ Ṡeosaiṁ don ḃliain seo ċugainn, agus meastar go mbeiḋ níos mó arís scoláirí ag teaċt go dtí ceantar Ċarna i 1966, ná ḃí ariaṁ go fóill.

D'ḟág an long "Carline" céiḃ Bun Aḃainn an tseaċtain seo ċaite, le 500 tonnaí de feaṁainn leasaiṫe ó Atlantic Alginates, Teo., le cur go Sasain.

Coṁġáirdeaċas le Áine Standún, iníon do Míċeál Standún ⁊ a ḃean. Bóṫar na Spéire, An Cloċán, dalta do Ṁeánscoil an Ċloċáin, a fuair glaoċ ċuig Coláiste Oiliúna Dún Céaraiġ, An Ċarraig Duḃ, Baile Áṫa Cliaṫ, ar a cuid marcanna insan Ard-Teistiméireaċt.

Ċoisreac an tAṫair T. Ó Cuinn, S.P.. Leitir Fraic, an cloċ dúṡraiṫe don Séipéal nua ag Craoraiġ, in aice le Coill Mór, Leitir Fraic. Máiréad Ní Ċuilinn, as Boston, U.S.A. agus an Bráṫair Isidore, O.F.M. a ṡocraiġ an cloċ dúṡraiṫe ina ionad. Tá Bean Uí Ċuilinn (Conraoiġ roiṁ pósaḋ dí) as Coill Mór. ag obair go crua i gceantar Boston, le airgead a ṫógáil don foirgneaṁ.

Ḃí suim ṁór ag muintir an ċeantar seo i gcuairt an Pápa ar Nua Eaḃraċ go speisialta, os rud é go raiḃ páirt mór ag Taḋg Ó Súilleaḃáin, Coṁairleoir Misiún na hÉireann go dtí na Stáit Aontaiṫe, in eagrú turas an Ṗápa. Mac é an tUasal Ó Súilleaḃáin do Parṫálan Ó Súilleaḃáin, agus a ḃean, agus ċaiṫ sé a óige i gConamara. ag an gCloċán, agus ṫug sé cuairt ar an ċeantar arís tá ḋá ḃliain ó ṡin. Uncail de, isea Aindriú Ó Dálaiġ, Oifigeoir Roinn Talṁaíoċt, Coill Ṁór, agus ċaiṫ a ṁáṫair ṁór, Bríd Bean Uí Ḋálaiġ. a saol ag teagasc mar múinteoir náisiúnta, i bparáiste an Ċloċáin.

Ṫug Aroti Bean Dutt, Uaċtarán an Doṁain, do Ċumann Bantraċt na Tuaiṫe, cuairt fríd Ċonamara an tseaċtain seo caite, faoi ṫreoir ag Eiblín Ní Ṁáille. Uaċtarán Bantraċt na Tuaiṫe i nGaillim, agus ṡíl sí a ṁór de áilneaċt Ċonamara agus cineáltas na ndaoine. Ṫugadar cuairt ar tigín an Ṗiarsaiġ ag Rosmuc, agus ar Pádraic Mac Donnċaḋa agus a ḃean, Cill Ċiaráin, Carna, agus ṫug muintir Ṁic Donnċaḋa ansin, taispeántas díoḃṫa ar an dráma fuaise a rinne an teallaċ féin — "Eoinín na nÉan." Ḃí árd ṁolaḋ aici air.

CLOIĊEANNAOLA

Tá luċt na polaitíoċta gnóṫaċ fríd an áit le tamall anuas. Ḃí Seán Mac Aoḋa i gceannas ag cruinniú de luċt Fianna Fáil ar an Ḟalċarraċ, agus an Rúnaí, S. Ó Ceallaiġ, i mbun coiṁfreagarṫais. Dúirt sé go raiḃ cuairt acu ó Ṗádraic Ó Faċtna, T.D., Rúnaí Pairliminte do Aire na Gaeltaċta, agus go raiḃ coṁrá fada acu leis faoi riaċtanaisí na paráiste. Labair Cormac Ó Breisleáin, T.D., Leas Ceann Ċoṁairle, leis na baill, agus dúirt sé go raiḃ fáilte acu roiṁ an cinneaḋ a rinn an rialtas ar meánscoil den ċéad ġrád a ċur i mBaile Ċonaill. Ġuí sé go n-éireóiḋ go maiṫ leis an ċoláiste.

Ag labairt le Cumann Ġort a' Ċoirce dúirt sé duine ar biṫ ins na ceantair Ġaeltaċta anois cur isteaċ ar teaċ gloine, agus go raċtar ag déanaṁ fiosrú fá'n scéim seo a leaṫnú go Oileán Inis Bó Finne.

Dúirt an tUasal Ó Breisleáin le toscaireaċt ó Oileán Inis Bó Finne, go bḟeicfeaḋ sé an Rúnaí Pairliminte faoi deifir a ḋéanaṁ faoi an méadú ar ċéiḃ ar an oileán.

Dúirt sé gur ṫóg sé ceist fá ḃanaltra do paráiste Ċloiċeannaola, i Lifeéar, agus go leanfaḋ sé lena ċuid iarraċtaí ċoṁ luaṫ agus ab' féidir. D'ḟéadfaí rud éigin a ḋéanaṁ faoi ídiú an ċósta, anois ag Árd Mór, agus Maċaire Raḃartaiġ, de ṫairḃe an tAċt nua a ḃí i bḟeiḋm, agus ḃí moltaí Coṁairle Condae ḋá scrúdú ag Bord na nOibreaċa Poiblí. Ṫógfaḋ sé ceist adúirt sé, ag an Ċoṁairle Condae, fá tuilleaḋ dispeála a ċur ar fáil i gceantar Ċloiċeannaola. Cuireaḋ rún coṁḃrón i bḟeiḋm le Míċeál Ó Doṁnaill, Bealtaine, i mbás a aṫara.

GAN OBAIR TAOḂ ṪIAR

Tá an eastát tionsclaċ le ḃeiṫ ar an taoḃ ṫoir de Ċaṫair na Gaillimhe, de réir mar deir bainisteoir Ċondae na Gaillimhe, Clement I. Ó Floinn.

Deir sé go bḟuil sé riaċtanaċ, naċ gcuirfeaḋ an eastát isteaċ ar forbairt na Gaillimhe mar ionad saoire agus turasóireaċta.

I litir a scríoḃ sé an tseaċtain seo caite, ċuig an Coiste Réagúnaċ Forbarta, dúirt sé gur ċeart an eastát a lonnú idir Bóṫar Uarán Mór agus Bóiṫre Monibea, agus Bóṫar Ṫuama.

Aċ, níl Fiontán Ó Cuagáin, T.D.. sásta. Deir sé go bḟuil tromlaċ an ganntanas oibre ar an taoḃ ṫiar den ċaṫair, agus gur ċeart go mbeaḋ eastáit tionsclaċ ar an taoḃ ṫiar. Agus Dé Luain seo caite, ag cruinniú den Ḃárdas, d'éiliġ sé go mbunófaí tionscail agus eastáit tionsclaċ ar an taoḃ ṫiar.

Tá ana ċuid oiḃríṫe le fáil i gceantar an Ċladaí agus Sráid Annraoi, agus gan obair ar biṫ le fáil acu. Tá tuilleaḋ oiḃríṫe le fáil i gceantar Raṫún Seantalaṁ, an áit is mó a bḟuil daoine ag imeaċt astu ṫar sáile. Adúirt an Seanóir Ó Cuagáin.

Dúirt an tUasal Ó Floinn go mbeaḋ sé an deacair draenáil a ḋéanaṁ i gceantair Seantalaṁ ⁊ Raṫún.

NA GLEANNTAÍ

Ḃí cruinniú mór do ṁuintir Fine Gael i halla an Ṁargaiḋ, na Gleanntaí, nuair a labair Pádraic Ó Doṁnaill, T.D., agus an tUasal de Faoite, rúnaí na condae. Ḃí Caṫal Mac Duiḃir. caṫaoirleaċ, i gceannas. Dúirt an tUasal Ó Doṁnaill, gur ċeart go mbeaḋ ḃóta ag duine ar biṫ a ċeaḋ 21 bliana ar an 15ú lá d' Aibreán seo ċugainn, agus gur ċeart a ḃeiṫ cinnte go mbeaḋ a ainm ar an liosta. Toġaḋ: Caṫaoirleaċ, Caṫal Mac Duiḃir, O.S.; Rúnaí, Proinsias Ó Gallċoḃair. O.S.; Cisteoir, Seán Ó Doċartaiġ, Árd Conaill.